

3 Scéal Nuachta

Ceist 1 Beidh tú ag féachaint ar ball ar thrí scéal ghearra nuachta. Sula bhféachann tú ar an tuairisc áfach, an féidir leat na focail a cheangal le chéile?

1. post-mortem exam	a. cloigeann
2. injury	b. ceannródaithe
3. head	c. gearradh...ar
4. feud / dispute	d. gaschealla
5. was sentenced ...	e. scrúdú iarbháis
6. false documents	f. cáipéisí bréagacha
7. forged	g. gortú
8. fraudulently	h. dallamullóg a chur ar
9. to hoodwink	i. achrann
10. stem cells	j. go calaoiseach
11. pioneers	k. brionnaithe

1	2	3	4	5	6	7	8	9	10	11

Ceist 2 Bí ag obair leis an duine in aice leat agus tugaigí buille faoi thuairim faoi ábhar na scéalta, sula bhféachann sibh orthu.

Ceist 3 Anois, féach ar gach mír dhá uair agus scríobh abairt nó dhó faoi ábhar gach míre.

Scéal 1 – Bás fir

Scéal 2 – Iardhlíodóir calaoiseach

Scéal 3 – Ollscoil na hÉireann, Gaillimh

Ceist 4 ‘...gearradh...’

A. Cén ghné den ghramadach atá i gceist leis an sampla thuas?
B. Féach ar an samplaí eile seo a bhí sa mhír. An féidir leat iad a chur faoi na teidil chearta? Tá siad ar fad san aimsir chaite.

gearradh osclaíodh fritheadh (nó fuarthas) gortaíodh

An chéad réimniú <i>dúnadh</i>	An dara réimniú	Briathar mírialta
-----------------------------------	-----------------	-------------------

C. Lean an patrún céanna atá faoi B thuas leis na briathra seo agus cuir sna boscaí cúí iad. Cuir in abairtí ansin iad. Tá an chéad cheann déanta duit:

Dún, bris, ceannaigh, aimsigh, fógair, cuir agus lonnaigh.

Dúnadh an phictiúrlann a bhí i lár na cathrach inné.

Ceist 5 Éire, Éirinn agus Éireann

An féidir leat an difríocht idir na focail thuas a mhíniú? Cuir in abairtí iad lena mbrí a léiriú.

Ceist 6 Pléigh na ceisteanna seo le do ghrúpa:

1. An bhfuil an ráta coireachta ag dul i méid in Éirinn, dar leat? Cén fáth?
2. An gceapann tú go mbíonn obair ionraic ar siúl sna hinstitiúidí airgeadais i gcónaí?
3. Cad atá ar eolas agat faoi thaighde gaschealla?

Treoracha agus Freagraí

Ceist 1

1	2	3	4	5	6	7	8	9	10	11
e	g	a	i	c	f	k	j	h	d	b

Ceist 2

Tá an obair seo le déanamh sula seinnfear an tuairisc. Pléigh na tuairimí atá ag an rang ach ná habair cad faoi lena mbaineann na scéalta fós.

Ceist 3

Cuir an mhír ar siúl faoi dhó, ag stopadh tar éis gach scéil.

Ceist 4

A. An briathar saor san aimsir chaite.

B agus C:

An chéad réimniú	An dara réimniú	Briathar mírialta
gearradh dúnadh briseadh cuireadh	osclaíodh gortaíodh ceannaíodh aimsíodh fógraíodh lonnaíodh	fritheadh (fuarthas)

Ceist 5

Éire / an tuiséal ainmneach / *Is tír álainn í Éire.*

Éirinn / an tuiséal tabharthach / *Beidh mé ag dul go hÉirinn an bhliain seo chugainn.*

Éireann / an tuiséal ginideach / *Tá muintir na hÉireann an-chairdiúil ar fad.*

Ceist 6

Is féidir na foghlaimeoirí a chur ag plé na gceisteanna seo i mbeirteanna nó i ngrúpaí de thriúr nó de cheathrar.

Máire T. Ní Mhadaoin

Scéal 1

Tá Gardaí ag leanúint lena bhfiosruithe ar maidin maidir le bás fir sa Longfort. Léirigh scrúdú iarbháis gur bhásaigh an fear de bharr gortú a fuair sé sa gcloigeann nuair a thit sé. Deir na Gardaí go bhfuil siad fós ag iarraidh a fháil amach ar gortaíodh é le linn achrainn a tharla ar an mbaile níos luaithe sa lá. Fritheadh¹ corp an fhir, a bhí sé bliana déag is fiche, in árasán ar an mbaile maidin inné. Creidtear gurb as an bPolainn ó dhúchas dó.

Scéal 2

Gearradh tréimhse príosúin trí bliana ar iardhlíodóir mar go bhfuair sí naoi gcéad míle euro ar iasacht, trí leas a bhaint as cáipéisí bréagacha agus brionnaithe. D’admhaigh Mary Miley, caoga sé bliain d’aois, as Bré (Chualann), i gContae Chill Mhantáin, go bhfuair sí ceithre iasacht go calaoiseach idir 2005 agus 2007. Dúirt an breitheamh Leonie Reynolds, go raibh tréimhse fhada caite ag Mary Miley ag iarraidh dallamullóg a chur ar institiúidí airgeadais. Dúirt sí go raibh an mhuintín a bheadh ag daoine aisti mar dhlíodóir sáraithe ar an mbealach is measa aici.

Scéal 3

In Ollscoil na hÉireann, Gaillimh inniu, osclaíodh an chéad áis in Éirinn a thairgfídh gaschealla a ghabhfaidh chun leasa an duine. Deirtear gur dul chun cinn mór é seo i gcúrsaí leighis agus tá súil ag an ollscoil go mbeidh siad ina gceannródaithe san earnáil seo.

¹ *Fuarthas* atá sa chaighdeán oifigiúil